Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2025/0045(COD)

8.10.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE, (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach
(COM(2025)0081 – C10-0037/2025 – 2025/0045(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Li Andersson

PA_Legrej

RÉASÚNÚ GEARR

Tá an tAontas ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain le fada maidir le hinbhuanaitheacht agus dícheall cuí corparáideach agus tá sé tiomanta do chóineasú aníos san inbhuanaitheacht chomhshaoil agus shóisialta araon laistigh den Aontas agus ar fud an domhain araon. I réimse an tuairiscithe inbhuanaitheachta agus an díchill chuí chorparáidigh, léiríodh é sin le Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE, (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 lenar bunaíodh ardán láidir le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí. Leis an teaglaim de na Treoracha sin, áirithíodh, i measc nithe eile, infhaighteacht sonraí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus rioscaí atá ríthábhachtach d'infheisteoirí agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha araon a dhéanann measúnú ar mhí-úsáidí, sásraí do chuideachtaí chun feabhas a chur ar phróisis díchill chuí agus ar inbhuanaitheacht a slabhraí luacha ina n-iomláine chomh maith le rochtain mhéadaithe ar cheartas dóibh siúd atá thíos le díobhálacha ar fud an tslabhra luacha.

Leis an togra reatha ón gCoimisiún, tá an baol ann go maolófar príomhghnéithe an chreata nuabhunaithe sin maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta agus dícheall cuí. Cé gur go bhfuil aidhm an tsimplithe i dtéarmaí dualgais tuairiscithe do chuideachtaí inmholta, agus gur díol sásaimh iad na céimeanna a bhaineann, *inter alia*, le tuairisciú leictreonach nó le húsáid mhéadaithe treoirlínte, ní féidir dírialáil leathan fhairsing a bheith i gceist leis an simpliú lena n-athraítear cuspóirí iomlána na dtreoracha roimhe seo. Má dhíchóimeáiltear croíchodanna den reachtaíocht, ní hamháin go bhfuil an baol ann go gcruthófaí éiginnteacht rialála do chuideachtaí, rud a choisceann rochtain chuí ar an gceartas dóibh siúd a ndearnadh dochar dóibh, ach cuirtear bac freisin ar infhaighteacht sonraí inbhuanaitheachta ardcháilíochta, inchomparáide agus gráinneacha a éilíonn infheisteoirí agus comhpháirtithe gnó araon go mór. Cé gur ábhar imní ábhartha é FBManna go háirithe a chosaint ar ró-ualú maidir le ceanglais tuairiscithe, ní mór bealach níos simplí agus níos éifeachtúla a bheith ann chun an sprioc sin a bhaint amach ná croíchodanna an chreata tuairiscithe inbhuanaitheachta agus an chreata díchill chuí atá ann cheana a dhíchóimeáil.

******

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, diúltú don togra ón gCoimisiún.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina tuairim ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú na tuairime, go dtí go nglacfar sa choiste í, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Finnwatch The Central Organisation of Finnish Trade Unions SAK European Sustainable Investment Forum European Trade Union Confederation ETUC Akava, The Confederation of Unions for Professional and Managerial Staff in Finland The Finnish Confederation of Professionals STTK Finnish Development NGOs Fingo United Nations Working Group on Business and Human Rights European Coalition for Corporate Justice Amnesty International European Central Bank

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

AN NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Title	Leasú a dhéanamh ar Threoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE, (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach
Tagairtí	COM(2025)0081 – C10-0037/2025 – 2025/0045(COD)
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 31.3.2025
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	TUARASCÁIL 31.3.2025
Rapóirtéir don tuairim: Dáta an cheapacháin	Li Andersson 16.4.2025
Pléite sa choiste	4.6.2025
Dáta an ghlactha	4.9.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 21 –: 18 0: 9
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Maravillas Abadía Jover, Li Andersson, Konstantinos Arvanitis, Nikola Bartůšek, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, David Casa, Estelle Ceulemans, Leila Chaibi, Henrik Dahl, Johan Danielsson, Mélanie Disdier, Niels Geuking, Sérgio Humberto, Martine Kemp, Katrin Langensiepen, Marit Maij, Marlena Maląg, Jagna Marczułajtis-Walczak, Idoia Mendia, Branislav Ondruš, Hristo Petrov, Dennis Radtke, Liesbet Sommen, Villy Søvndal, Georgiana Teodorescu, Romana Tomc, Jana Toom, Raffaele Topo, Francesco Torselli, Brigitte van den Berg, Marianne Vind, Mariateresa Vivaldini, Petar Volgin, Jan-Peter Warnke, Séverine Werbrouck
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Gordan Bosanac, Valérie Devaux, Kathleen Funchion, Rudi Kennes, Eugen Tomac
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Lena Düpont, Sandra Gómez López, Elisabeth Grossmann, Jorge Martín Frías, Ana Catarina Mendes, Philippe Olivier, Michał Wawrykiewicz

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Níor rinneadh aon vótáil rogha rangaithe